## Brollach:

Sinne, na hAontais Mac Léinn a dhéanann ionadaíocht do mhic léinn in Éirinn, tagaimid le chéile leis seo agus cuirimid aontas ar bun chun ionadaíocht a dhéanamh dár mbaill ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

Déanfaidh an tAontas ionadaíocht do gach mac léinn agus beidh sé mar an eagraíocht ionadaíoch do mhic léinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cónaidhm arna rialú go daonlathach a bheidh san Aontas, a dhéanfaidh ionadaíocht do mhic léinn agus a rachaidh i mbun feachtais ar a son gan chlaonadh, faitíos ná fabhar, agus a léireoidh meas ar dhearcthaí éagsúla i measc a cuid ball, ach a bheidh cuntasach dá cuid ball ar fad as a cuid dualgas a chomhlíonadh.

## Airteagal 1: Teideal na hEagraíochta

1.1 Is é is ainm d'aontas náisiúnta mac léinn na hÉireann ná Aontas na Mac Léinn in Éirinn – arb é A.M.L.É an leagan giorraithe de, nó i mBéarla; the Union of Students in Ireland – arb é U.S.I. an leagan giorraithe de, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta.

## Airteagal 2: Ballraíocht

2.1 Cónaidhm d'Aontais Mac Léinn, dá ngairtear balleagraíochtaí, is ea an tAontas.

2.2 Tá gach Aontas Mac Léinn i dteideal a bheith glactha mar Bhalleagraíocht ar choinníoll:

2.2.1 Go bhfuil a bhunreacht faofa ag an gComhairle Náisiúnta.

2.2.2 Go ndearna sé iarratas agus gur glacadh leis mar Bhalleagraíocht de réir an nóis imeachta maidir le hiarratais mar a shainítear é i Sceideal A agus go n-íocann sé táillí cleamhnaithe arna gcinneadh ag an gComhdháil.

2.2.3 Gur ghlac sé le Bunreacht an Aontais agus go n-aontaíonn sé cur i bhfeidhm na mbeartas arna gcinneadh ag an gComhdháil a éascú, agus aird á tabhairt aige gur cineál cónaidhme é an tAontas.

2.2.4 Go bhfuil glactha leis aige i scríbhinn nach féidir leis díchleamhnú gan fógra i scríbhinn dhá mhí dhéag a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta. Le linn na tréimhse fógra, leanfaidh an Bhalleagraíocht de bheith mar Bhall a mbeidh na cearta agus na dualgais ar fad a bhaineann leis sin aige.

Ar chleamhnú di, déanfaidh Balleagraíocht conradh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí, ina ndeimhneofar go nglacann sí le foráil 2.2.4 den bhunreacht.

2.3 Deirtear go bhfuil mic léinn aonair ina ngnáthbhaill den Aontas agus go bhfuil na cearta sin acu arna leagan amach sa Bhunreacht seo agus ina chuid sceideal de bhua iad a bheith ina mbaill d'eagraíocht a nglactar léi i gcomhréir le hAirteagal 2. Gnáthbhaill den Aontas is ea oifigigh thofa Choiste Feidhmiúcháin an Aontais ar feadh ré a dtéarma oifige agus tá na cearta agus na dualgais sin acu ina theannta sin arna leagan amach sa Bhunreacht seo agus ina chuid Sceideal.

2.4 Tá Aontais Mac Léinn i dteideal a bheith glactha mar Bhalleagraíochtaí Iarrthóra ar choinníoll:

2.4.1 Nach gcomhlíonann an eagraíocht na critéir chun bheith glactha mar Bhalleagraíocht tráth an iarratais ach;

2.4.1.1 Scríobhann an eagraíocht chuig Uachtarán AMLÉ chun tiomnú do chlár sainithe forbartha acmhainne, arna chomhbhainistiú ag an gCoiste Gnó, ar mhaithe leis na critéir le haghaidh inghlacthacht mar bhalleagraíocht arna sainmhíniú i Sceideal A a chomhlíonadh;

2.4.1.2 Glacann an eagraíocht le Bunreacht an Aontais agus aontaíonn sé seasamh lena chuid luachanna;

2.4.2 Bronnfar stádas mar Bhalleagraíocht Iarrthóra go ceann uastréimhse dhá bhliain, agus ar dhul in éag don tréimhse sin féadfaidh an Chomhairle Náisiúnta an stádas a fhadú go ceann bliain amháin eile.

2.4.2.1 Bronnfar stádas breathnóra mar thoradh ar stádas Balleagraíochta Iarrthóra arna sainmhíniú i Sceideal A.

## Airteagal 3: Bunphrionsabal AMLÉ

3.1 Is é an bunphrionsabal atá mar an bhunchloch ar a dtógann mic léinn na hÉireann a nAontas ná buntáistí bunúsacha oideachasúla, leasa, eacnamaíocha, polaitiúla, sóisialta, cultúrtha agus eile a chur chun cinn agus a eagrú ar son na mac léinn ar fad in Éirinn ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

3.2 Chun an bunphrionsabal seo a bhaint amach, oibreoidh an tAontas chun córas oideachais agus oiliúna a chothú atá ar fáil do chuile dhuine ar oileán na hÉireann, gan aon aird a thabhairt ar chúrsaí ar bith, agus lena bhfreastalaítear go fírinneach ar leas na ndaoine.

3.3 Creideann AMLÉ go bhfuil ceart ag mic léinn ar chaighdeán fónta maireachtála, lena n-áirítear an ceart ar thacaíocht airgeadais, tithíocht chuí agus ionchais fostaíochta san am atá le teacht in Éirinn.

3.4 Tá AMLÉ den tuairim go bhfuil sé mar phríomhchuspóir ag an eagraíocht gach ceart daonlathach agus daonna a chosaint agus a chur chun cinn.

3.5 Féachfaidh AMLÉ le seirbhísí a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear seirbhísí tráchtála, ar mhaithe leis na baill ar an mbonn gur cheart go mbeadh na baill i gceannas ar sheirbhísí do mhic léinn.

3.6 Beidh AMLÉ ina eagraíocht dhaonlathach faoi stiúir na mac léinn, neamhspleách ar gach údarás seachtrach, ina ndéanfar cinntí ar an leibhéal is gaire is féidir do mhic léinn agus ina gceapfaidh na mic léinn beartais trí vóta tromlaigh shimplí dá dtoscairí ag Comhdháil go hiondúil, ach amháin sna cásanna sin a leagtar

amach i Sceideal C6.3 agus in Airteagal 4.1.8. Tá meas ag AMLÉ ar cheart na mac léinn, trína mBalleagraíochtaí, orduithe a thabhairt dóibh siúd a bhfuil dualgais oifigiúla orthu laistigh den aontas agus a iarraidh orthu mínithe a thabhairt, agus smacht a chur orthu siúd a dteipeann orthu a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus, ar deireadh thiar, iad a chur as oifig.

3.7 Cosnóidh AMLÉ an ceart atá ag aontais mac léinn a bheith ina n-eagraíochtaí féinrialaitheacha, daonlathacha, faoi stiúir na mac léinn, neamhspleách ar gach údarás seachtrach, ina ndéantar cinntí ar an leibhéal is gaire is féidir do mhic léinn agus ina gceapann na mic léinn beartais trí na nósanna imeachta daonlathacha arna leagan amach ina mbunreacht go hiondúil.

3.8 Glacfaidh AMLÉ cur chuige trasnach i leith a chuid oibre.

# Airteagal 4: Rialú agus Struchtúir Socraithe Beartas AMLÉ

## 4.1 Comhdháil:

4.1.1 Is í an Chomhdháil an bord rialaithe is airde san Aontas. Tá an chumhacht aici:

- An Bunreacht agus na Sceidil a athbhreithniú agus a leasú
- Beartais a athbhreithniú, a ghlacadh agus a shocrú

4.1.2 Déanfaidh an Chomhdháil

- Cúrsaí airgid AMLÉ a athbhreithniú
- An Coiste Gnó a stiúradh trí shainorduithe
- Obair na Comhairle Náisiúnta agus an Choiste Gnó a athbhreithniú
- An Coiste Gnó (seachas Uachtarán NUS-AMLÉ) a thoghadh
- Tuarascáil bhliantúil ón gCoiste Rialachais a ghlacadh agus a phlé.

4.1.3 Is féidir Comhdháil Speisialta a ghairm am ar bith ar údarás Na Comhdhála, na Comhairle Náisiúnta nó ar iarraidh a fháil i scríbhinn ó ocht mBalleagraíocht, nó níos mó ná sin, chuig an Uachtarán. Ní mór go ndéanfaidh na Balleagraíochtaí seo ionadaíocht d'aon trian, ar a laghad, de na gnáthbhaill. Beidh sí ar siúl tráth nach lú ná 28 lá agus nach mó ná 42 lá ón dáta a gaireadh í agus ní phléifear inti ach an t-ábhar ar leith dar gaireadh í.

4.1.4 Is iad baill an Choiste Gnó agus baill arna dtoghadh ag agus ó gach Balleagraíocht ar an modh a leagtar amach i Sceideal C a bheidh ina dtoscairí ar an gComhdháil. Beidh cearta cainte ag gach toscaire.

4.1.5 Toghfaidh an Chomhdháil Bhliantúil gach ball den Choiste Gnó, seachas Uachtarán NUS-AMLÉ. Tá gnáthbhall den Aontas i dteideal cur in aghaidh aon phost tofa ag an gComhdháil. Tá gach toscaire cláraithe i dteideal vótáil i ngach toghchán ag Comhdháil ach amháin i gcás na dtoghchán do Leas-Uachtaráin Réigiúnacha. Maidir le Leas-Uachtarán Réigiún Bhaile Átha Cliath, Leas-Uachtarán Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus Leas-Uachtarán Réigiún an Deiscirt, is iad na toscairí cláraithe ó na Balleagraíochtaí atá lonnaithe go hiomlán nó go príomha i réigiún an Oifigigh sin, arna sainmhíniú le Sceideal G agus ag an Leas-Uachtarán ábhartha, a bheidh ina dtoghthóirí le haghaidh na bpost sin.

4.1.6 Beidh dhá chineál tairisceana ag Comhdháil:

4.1.6.1 Sainorduithe
Tugtar ordú le sainorduithe do bhall nó do bhaill den Choiste Gnó, de Choistí seachas an Coiste Rialachais, nó don Chomhairle Náisiúnta tascanna áirithe a chomhlíonadh. Ní mór go saineofar sna Sainorduithe, a bheidh i Lámhleabhar Sainorduithe a fhoilseofar, an dáta faoina gcaithfidh an tasc a bheith críochnaithe, nó cathain a rachaidh an Sainordú i léig, tráth a fhéadfaidh a bheith trí bliana ar a mhéad ó dháta na Comhdhála inar ritheadh é. Féadfar sainorduithe a bhaint ón Lámhleabhar Sainorduithe ar chríochnú an taisc le toiliú na Comhairle Náisiúnta.

4.1.6.2 Beartais an Aontais
Glactar go foirmiúil le beartais an Aontais trí thairiscint ag Comhdháil agus iarcheanglaítear an doiciméad beartais leis an gClár. Féadfar na beartais sin a leasú ag cruinnithe de chuid na Comhdhála ina dhiaidh sin. Beidh Beartais an Aontais i Lámhleabhar Beartas a fhoilseofar agus rachaidh siad i léig tar éis trí bliana mura dtugann an Chomhdháil údarás dóibh athuair.

4.1.7 Is ina gceann agus ina gceann a dhéanfar díospóireacht ag Comhdháil ar gach Sainordú agus gach Beartas de chuid an Aontais atá le dul in éag agus tabharfar deis labhartha do dhaoine le linn seisiún den Chomhdháil sula ndéanfar díospóireacht ar thairiscintí agus ar shainorduithe arna gcur faoi bhráid na Comhdhála sin.

4.1.8 Tairiscintí ag Comhdháil; Sainorduithe agus an tAontas araon
Beidh deis labhartha ag daoine maidir le beartais, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta arna leagan amach i Sceideal E. Féadfaidh an Chomhairle Náisiúnta, trí rún, reifreann a mbeidh roinnt roghanna ag baint leis (nó "Preferendem") a chur le clár na Comhdhála. Stiúrfar na Preferenda sin trí bhallóid scríofa i gcomhthráth le toghcháin chun an Choiste Gnó, ag baint úsáid as modh aonvóta inaistrithe ina mbeidh na torthaí comhionann le Sainordú nó Beartas de chuid an Aontais arna rith faoi na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach i Sceideal E. Ní fhéadfar na Preferenda sin a chur ar Chlár na Comhdhála ach amháin ar choinníoll go dtugtar fógra 28 lá do na Balleagraíochtaí. Beidh an rogha "ceann ar bith de na roghanna thuas" mar an rogha dheireanach ar an bpáipéar ballóide i ngach

Preferendum. Glacfaidh aon bheartas arna rith trí Preferendum ionad aon bheartais chontrártha roimhe sin.

## 4.2 An Chomhairle Náisiúnta:

4.2.1 Beidh baill an Choiste Gnó agus aon bhall amháin ó gach Balleagraíocht, ag a mbeidh cearta vótála na Balleagraíochta sin, ar an gComhairle Náisiúnta. Tá sé de cheart ag gach oifigeach tofa, agus gach gnáthbhall, ó gach Balleagraíocht freastal ar an gComhairle Náisiúnta. Beidh cearta cainte ag an gComhairle Náisiúnta i gcomhréir le Buanorduithe na Comhairle Náisiúnta, de réir mar a fhoráiltear i Sceideal E.

4.2.2 Caithfear leis an gCoiste Gnó mar Bhalleagraíocht ach amháin nach gcaithfear léi mar sin chun críocha córaim.

### 4.2.3 Ról rialachais na Comhairle Náisiúnta

4.2.3.1 Is í an Chomhairle Náisiúnta comhlacht bainistíochta an Aontais agus ní mór di teacht le chéile ocht n-uaire in aghaidh na bliana acadúla ar a laghad. Is iad na príomhfheidhmeanna atá léi ná: a) feachtais éifeachtacha a reáchtáil agus a chur i bhfeidhm chun leas na mac léinn ó thaobh an chórais oideachais agus na sochaí de a chosaint agus a chur chun cinn, b) athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta rialachais na heagraíochta agus c) baill an Choiste Gnó a choimeád cuntasach.

4.2.3.2 Maidir le nósanna imeachta rialachais na heagraíochta, déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta na nithe seo a leanas:

- An buiséad bliantúil, beartais agus nósanna imeachta airgeadais agus aon leasuithe ar na nithe sin a fhaomhadh de réir mar a thagann siad chun cinn
- Cuntais arna scrúdú go neamhspleách a athbhreithniú agus iad a chur faoi bhráid na Comhdhála lena bhfaomhadh
- Beartais agus nósanna imeachta fostaíochta, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha agus aon leasuithe de réir mar a thagann siad chun cinn, a fhaomhadh
- Beartais agus nósanna imeachta rialachais, agus aon leasuithe de réir mar a thagann siad chun cinn, a fhaomhadh
- Beartas bainistíochta riosca a fhaomhadh
- Moltaí a ghlacadh ón gCoiste Rialachais maidir le: haon athruithe arna mbeartú ar fhoirm dhlíthiúil AMLÉ; bainistíocht airgeadais ghinearálta agus forbairt tráchtála; straitéis dlí i dtaobh aon dlíthíocht a d'fhéadfadh teacht chun cinn; cineál árachais agus leibhéil chumhdaigh;
- Tuairiscí maidir le himeachtaí suntasacha ó bhuiséad an Aontais a ghlacadh agus a mheas, ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta airgeadais

- Tuairiscí a ghlacadh ón gCoiste Rialachais maidir le gníomhartha a bhaineann le comhlíonadh dlí agus bainistíocht riosca
- Glacadh le beartas eatramhach, más gá, faoi réir a dhaingnithe ag an gcéad Chomhdháil eile,
- Na sceidil a ghabhann leis an mBunreacht a athbhreithniú agus a leasú

4.2.4 Ní fhéadfaidh an Chomhairle Náisiúnta beartas nó sainordú arna rith ag an gComhdháil a fhreaschur, ach i gcás staid éigeandála mar gheall ar imthosca gan choinne féadfaidh sí, trí olltromlach, beartas ón gComhdháil a chur ar fionraí agus beartas nua a chruthú ina ionad. Áireofar an beartas nua seo ar an gClár sa ghnáthchúrsa ag an gcéad Chomhdháil Bhliantúil eile.

4.2.5 Féadfaidh an Chomhairle Náisiúnta, mura bhfuil beartas ann i réimse áirithe, glacadh le beartas eatramhach a chuirfear ar an gClár sa ghnáthchúrsa ag an gcéad Chomhdháil Bhliantúil eile lena dhaingniú.

4.2.6 Cuirfear beartais arna gcruthú faoi Airteagail 4.2.4 agus 4.2.5 sa seisiún ábhartha den Chomhdháil agus is é an moltóir bunaidh nó a n-ainmní a bheartóidh iad.

4.2.7 Glacfar le vótaí ag an gComhairle Náisiúnta mar aon Bhalleagraíocht amháin, aon vóta amháin, agus beidh aon vóta amháin ag an gCoiste Gnó, a chaithfidh an tUachtarán nó a n-ainmní, ach amháin i gcás comhscóir nó nuair a iarrann na toscairí ó chúig Bhalleagraíocht ar a laghad go ndéanfar ualú ar an vótáil i gcomhréir le teidlíochtaí vótála ag an gComhdháil. Vóta cárta a thabharfar ar an modh seo vótála.

4.2.8 Beidh an chumhacht ag an gComhairle Náisiúnta, trí rún, a húdarás a chineachadh d'orgán de chuid an Aontais nuair is gá.

4.2.9. Beidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta. Reáchtálfar toghcháin do na poist seo ag an gComhairle Náisiúnta gach dhá bhliain agus is iad an tUachtarán a eagróidh agus a mhaoirseoidh iad. Caithfidh Balleagraíocht nó an tUachtarán gach iarrthóir a mholadh; daoine is ea na hiarrthóirí nach mbeidh ina mbaill reatha den Aontas, ach a d'fhreastail ar Chomhdháil agus a bhí ina mbaill den Aontas roimhe sin. Beidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle Náisiúnta ina mbaill ex-officio iomlána den Choiste Stiúrtha agus beidh cearta vótála acu, agus ní fhéadfaidh siad a bheith mar Chathaoirleach nó mar Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha ná ar an gCoimisiún Toghcháin.

## 4.3 An Coiste Rialachais

4.3.1 Tá an Coiste Rialachais freagrach as dea-chleachtas rialachais a chur i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Beartais agus nósanna imeachta rialachais a fhorbairt lena bhfaomhadh ag an gComhairle Náisiúnta

Beartais agus nósanna imeachta arna bhfaomhadh a chur i bhfeidhm

4.3.2 Tá an Coiste Rialachais freagrach as cúrsaí airgid a bhainistiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

An buiséad bliantúil a dhréachtú i gcomhairle leis an Uachtarán, a chuireann an buiséad faoi bhráid na Comhairle Náisiúnta lena fhaomhadh

Monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas in aghaidh an bhuiséid ar bhonn ráithiúil agus tuairisc a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta maidir le haon imeachtaí suntasacha, mar a shonraítear sna beartais agus sna nósanna imeachta airgeadais

Nósanna imeachta maidir le bainistíocht airgeadais a fhorbairt lena bhfaomhadh ag an gComhairle Náisiúnta agus a gcur i bhfeidhm a áirithiú

A áirithiú go scrúdaítear cuntais bhliantúla go neamhspleách agus go gcuirtear iad i láthair na Comhairle Náisiúnta

Iniúchóirí a mholadh don Chomhdháil ar bhonn bliantúil

A áirithiú go bhforbraíonn AMLÉ ciste stuama cúltaca agus fiachmhúchta mar a leagtar amach sna beartais agus sna nósanna imeachta airgeadais

Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus ar fhorbairt tráchtála AMLÉ go ginearálta agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Náisiúnta de réir mar is gá, ar aon dul le beartais AMLÉ

4.3.3 Tá an Coiste Rialachais freagrach as acmhainní daonna a bhainistiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Beartais agus nósanna imeachta fostaíochta (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha) agus aon leasuithe is gá lena bhfaomhadh ag an gComhairle Náisiúnta

A áirithiú go gcomhlíontar nósanna imeachta maidir le hearcú foirne, araíonacht agus ábhair chasaoide agus próisis foirceanta de réir mar a leagtar síos sna beartais agus sna nósanna imeachta fostaíochta

Feidhmíocht an Bhainisteora Ghinearálta a athbhreithniú

4.3.4 Tá an Coiste Rialachais freagrach as comhlíonadh ceanglas dlí agus rialála a áirithiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Foirm dhlíthiúil reatha AMLÉ a athbhreithniú ó am go chéile agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Náisiúnta de réir mar is gá

An seicliosta comhlíonta a fhorbairt agus a athbhreithniú, ag áirithiú go ndéantar gach beart is gá agus go dtuairiscítear don Chomhairle Náisiúnta

Moltaí a dhéanamh don Chomhairle Náisiúnta maidir le straitéis dlí i dtaca le haon dlíthíocht a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus teorainneacha á gcoinneáil maidir le faisnéis íogair a roinnt

4.3.5 Tá an Coiste Rialachais freagrach as bainistíocht riosca trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Beartas bainistíochta riosca a fhorbairt lena fhaomhadh ag an gComhairle Náisiúnta

Clár rioscaí a fhorbairt agus clár maolaithe a mhaoirsiú

An cineál árachais agus na leibhéil cumhdaigh árachais a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Náisiúnta

4.3.6 Tá an Coiste Rialachais freagrach as obair a dhéanamh go héifeachtach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Obair an choiste a eagrú chun na hoibleagáidí thuas a chomhlíonadh

Obair an choiste a thuairisciú don Chomhdháil ar bhonn bliantúil

4.3.7 Féadfaidh an Coiste Rialachais fochoistí nó grúpaí oibre a bhunú de réir mar is gá le ceadú na Comhairle Náisiúnta

4.3.8 Beidh deichniúr ball, ar a laghad, ar an gCoiste Rialachais, lena n-áirítear:

4.3.8.1 Uachtarán AMLÉ, a fhónfaidh ar an gcoiste fad is a bheidh siad ina n-Uachtarán ar an Aontas

4.3.8.2 Cathaoirleach Neamhspleách, a fhónfaidh ar an gcoiste ar feadh téarma trí bliana

4.3.8.3 Ceathrar oifigeach sabóideach, gach duine acu ina n-oifigeach sabóideach ó Bhalleagraíocht éagsúil de chuid AMLÉ, a fhónfaidh ar an gcoiste ar feadh téarma aon bhliana amháin

4.3.8.4 Ceathrar oifigeach seachtrach a bhféadfaí nár bhaill foirne ná soláthraithe seirbhíse ná baill de chuid AMLÉ iad sna trí bliana sular ceapadh iad, a fhónfaidh ar an gcoiste ar feadh téarma trí bliana.

4.3.9 Leagfar amach i Sceideal J coinníollacha maidir leis an líon ceadaithe téarmaí a fhéadfaidh baill fónamh ar an gcoiste

# Airteagal 5: An Coiste Gnó

## 5.1 Ballraíocht an Choiste Gnó:

Is iad seo a leanas baill an Choiste Gnó:

5.1.1 An tUachtarán;
5.1.2 An Leas-Uachtarán um Chúrsaí Acadúla;
5.1.3 An Leas-Uachtarán Leasa;
5.1.4 An Leas-Uachtarán um Fheachtais;
5.1.5 An Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht;
5.1.6 An Leas-Uachtarán do Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair;
5.1.7 An Leas-Uachtarán do Réigiún an Deiscirt;
5.1.8 An Leas-Uachtarán do Réigiún Bhaile Átha Cliath
5.1.9 An Leas-Uachtarán don Ghaeilge (LU/Gaeilge);
5.1.10 An Leas-Uachtarán um Chúrsaí Iarchéime;
5.1.11 Uachtarán ANML-AMLÉ;

a dtabharfar an Coiste Gnó orthu i dteannta a chéile. Is iad an tUachtarán, nó an Leas-Uachtarán i gcás iad a bheith as láthair, a dhéanfaidh cathaoirleacht ar chruinnithe de chuid an Choiste Gnó agus ní bheidh córam iontu ach amháin má bhíonn leath den Choiste Gnó i láthair. Chun críocha córaim, féadfaidh baill den Choiste Gnó a bheith i láthair trí nasc físe nó teileachomhdháil. I gcás comhionannas vótaí, is ag an gcathaoirleach a bheidh an vóta réitigh. Tiocfaidh an Coiste Gnó le chéile ar bhonn rialta ach nach lú ná uair sa mhí.

## 5.2 Obair an Choiste Gnó:

5.2.1 Déanfaidh an Coiste Gnó na nithe seo a leanas:

5.2.1(a) Plean oibre a dhéanamh dá foireann agus é a chur i láthair lena fhaomhadh tráth nach déanaí ná an dara Comhairle Náisiúnta den bhliain.

5.2.1(b) Tuairisc ar a cuid oibre a ullmhú do gach cruinniú den Chomhairle Náisiúnta agus don Chomhdháil Bhliantúil

5.2.3 Comhairle a chur ar an Uachtarán agus an buiséad bliantúil á ullmhú.

5.2.4 Beidh sí freagrach i dteannta a chéile agus ina n-aonar as beartais an Aontais a chur i bhfeidhm ó lá go lá.

5.2.5 Beidh sí faoi cheangal ag rúndacht i dteannta a chéile.

5.2.6 Beidh an t-údarás aici gníomhú mar choiste feidhmiúcháin an Aontais agus cinntí a dhéanamh nuair nach féidir cruinniú den Chomhairle Náisiúnta a ghairm. Ní mór gach cinneadh den chineál sin, a chaithfidh a bheith ar aon dul leis na sonraíochtaí sa Lámhleabhar Rialachais, a thuairisciú don chéad chruinniú eile den Chomhairle Náisiúnta.

5.2.7 Freastal ar an gComhairle Náisiúnta, an Coiste Gnó, Coistí ábhartha agus Coistí ábhartha eile de chuid AMLÉ agus ar Imeachtaí Oiliúna ach amháin i gcás imthoisc gan choinne agus le ceadú roimh ré ón Uachtarán.

5.2.8 Osclóidh sí agus dúnfaidh sí, i gcomhairle leis an gCoiste Rialachais, cibé cuntais bhainc is gá.

## 5.3 An tUachtarán:

5.3.1 Beidh freagracht fhoriomlán ag an Uachtarán a bheith i gceannas obair an Aontais, an obair a leithroinnt agus a stiúradh i measc oifigigh an Choiste Gnó agus tuairisc ar obair an Aontais a thabhairt don Chomhdháil agus don Chomhairle Náisiúnta

5.3.2 Is iad an tUachtarán an príomhurlabhraí agus an príomhionadaí ar son mhic léinn na hÉireann .

5.3.3 Is é an tUachtarán Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Aontais agus féadann sé na cinntí sin a dhéanamh nach bhfuil gá le cruinniú den Chomhairle Náisiúnta ina leith. Ní mór gach cinneadh den chineál sin a thuairisciú don chéad chruinniú eile den Chomhairle Náisiúnta.

5.3.4 Féadfaidh an tUachtarán, mar cheannaire na heagraíochta, na cinntí sin a dhéanamh nach bhfuil le gá cruinniú den Chomhairle Náisiúnta ná den Chomhdháil ná den Choiste Rialachais ina leith.

5.3.5 Molfaidh an tUachtarán ball eile den Choiste Gnó don chéad Chomhairle Náisiúnta gach bliain lena ndaingniú chun gníomhú mar ionadaí dóibh i gcás iad a bheith as láthair, nó, i gcás ina bhfaigheann siad bás, ina n-éiríonn siad as oifig nó ina gcuirtear ó chumas iad. Ba cheart an t-ainmniúchán seo a scaipeadh ar gach Balleagraíocht aon seachtain féilire amháin, ar a laghad, roimh an gcéad chruinniú den Chomhairle Náisiúnta.

5.3.6 Déanann an tUachtarán maoirseacht ar obair Choiste an Uachtaráin a bhfuil siad ina gCathaoirleach air.

5.3.7 Ainmneoidh an tUachtarán ball cuí den Choiste Gnó chun cuidiú le Balleagraíochtaí nach gcumhdaítear le Sceideal G.

5.3.8 I gcás inar gá d'AMLÉ ball nó baill a ainmniú chun bord comhlachta nó coiste seachtrach, cuirfidh an tUachtarán gach ainmniúchán arna ndéanamh faoin bhforáil seo in iúl don Chomhairle Náisiúnta.

## 5.4 An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla:

5.4.1 An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla;
Is ag an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla (dá ngairtear an LU/Acadúil anseo ina dhiaidh seo) a bheidh an phríomhfhreagracht as obair an Aontais maidir le beartais acadúla agus feabhsú cáilíochta i dtaca le hoideachas iar-mheánscoile, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha Bhreisoideachais agus Ardoideachais, mic léinn ar Chláir Ghníomhacha don Mhargadh Saothair agus Printíseachtaí. Gníomhóidh siad mar abhcóide ar son bheartais oideachais an Aontais ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus cuideoidh siad leis an Leas-Uachtarán um Fheachtais i dtaca le feachtais a bhaineann le cúrsaí oideachais.

5.4.2 Beidh an LU/Acadúil freagrach chomh maith as tacaíocht a thabhairt do Bhalleagraíochtaí chun beartais acadúla a fhorbairt laistigh dá n-institiúidí féin agus cuirfidh siad an taighde sin agus forbróidh siad na struchtúir thacaíochta sin a cheanglaítear leis an tasc seo.

5.4.3 Beidh an LU/Acadúil ina gCathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Acadúla agus Dearbhú Cáilíochta agus déanfaidh siad maoirseacht ar a chuid oibre. Is é feidhm an Choiste seo ná tacaíocht a thabhairt don LU/Acadúil chun gnóthaí acadúla agus beartais dearbhaithe cáilíochta an Aontais a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a phleanáil. Cuidíonn sé leis an LU/Acadúil chomh maith chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí acadúla agus d'fheachtais na mBalleagraíochtaí.

## 5.5 An Leas-Uachtarán Leasa:

5.5.1 Cuideoidh an Leas-Uachtarán Leasa (dá ngairtear an LU/Leasa anseo ina dhiaidh seo) leis an LU/Acadúla maidir le feachtais chun leas na mac léinn a chosaint agus a chur chun cinn.

5.5.2 Tá an LU/Leasa freagrach as beartais leasa an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt agus déanann siad maoirseacht ar obair an Choiste Leasa a bhfuil siad ina gCathaoirleach air.

5.5.Beidh freagracht ar leith ag an LU/Leasa as foilseacháin agus ábhair leasa a sholáthar.

## 5.6 An Leas-Uachtarán um Fheachtais:

5.6.1 Tá freagracht fhoriomlán ag an Leas-Uachtarán Leasa (dá ngairtear an LU/Feachtais anseo ina dhiaidh seo) as gach feachtas de chuid an Aontais a eagrú.

5.6.2 Tá sé de fhreagracht ar an LU/Feachtais straitéisí feachtas agus pleananna gníomhaíochta a eagrú agus a ullmhú de réir mar a theastaíonn ón gComhairle Náisiúnta, ón gCoiste Gnó nó ón gComhdháil, chun beartais an Aontais a shaothrú, i gcuibhreann leis an Uachtarán.

5.6.3 Beidh an LU/Feachtais freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhoilseacháin an Aontais, lena n-áirítear foilseacháin leictreonacha, i gcuibhreann leis an Uachtarán.

5.6.4 Déanann an LU/Feachtais maoirseacht ar obair an Choiste um Fheachtais a bhfuil siad ina gCathaoirleach air.

5.6.5 Beidh freagracht fhoriomlán ar an LU/Feachtais as Forbairt an Aontais a chomhordú, i gcuibhreann leis an Uachtarán agus i gcomhréir le Sceideal M.

## 5.7 An Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht:

5.7.1 Beidh an Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht (dá ngairtear an LU/Comhionannas anseo ina dhiaidh seo) freagrach as cur i bhfeidhm na mbeartas ar fad de chuid an Aontais a bhaineann le ceisteanna leithcheala ar na forais arna sainiú in Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann agus ar fhoras na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2004.

5.7.2 Cuideoidh an LU/Comhionannas leis an LU/Feachtais maidir le feachtais chun cearta mac léinn a chosaint agus a chur chun cinn i réimsí an chomhionannais agus na saoránachta.

5.7.3 Beidh freagracht fhoriomlán ar an LU/Comhionannas as imeachtaí oiliúna Comhionannais, Saoránachta agus LADTA, leithéid Pink Training.

5.7.4 Beidh an LU/Comhionannas ina gCathaoirleach ar an gCoiste um Chomhionannas agus Saoránacht

5.7.5 Cuideoidh an LU/Comhionannas leis an LU/Feachtais maidir le feachtais, as a mbeidh siad freagrach, i dtaca le: himeachtaí agus feachtais a reáchtáil a bhaineann leis an tsaoránacht i réimsí amhail an comhshaol agus an rannpháirtíocht shibhialta, shóisialta agus pholaitiúil, agus béim ar leith ar chlárú vótálaithe, ag obair le grúpaí pobail agus deonacha, etc.

## 5.8 An Leas-Uachtarán do Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair:

5.8.1 Beidh an Leas-Uachtarán do Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, (dá ngairtear an LU/TLI) freagrach as forbairt agus idirchaidreamh an Aontais ina

réigiún. Beidh siad freagrach chomh maith as treorú foriomlán na hoibre ina réigiún i bpáirtíocht leis an gCoiste Gnó agus ag tuairisciú di.

5.8.2 Cuirfidh an LU/TLI teachtaireacht an Aontais in iúl do ghnáthbhaill, Balleagraíochtaí, eagraíochtaí seachtracha agus don phobal i gcoitinne trí mheáin éagsúla lena n-áirítear, ach ní go heisiach, na meáin shóisialta, na meáin thraidisiúnta, cruinnithe, imeachtaí comhdhála, an t-eolas is deireanaí a thabhairt do Chomhairlí, feachtais agus imeachtaí oiliúna. Agus cuairteanna á dtabhairt ar champais, tabharfaidh an LU/TLI fógra aon seachtaine amháin ar a laghad, nuair is féidir, do Bhalleagraíochtaí. Ní mór don LU/TLI teagmháil a dhéanamh le gach Balleagraíocht aon uair amháin, ar a laghad, idir Comhairlí Náisiúnta.

5.8.3 Cuirfidh an LU/TLI saincheisteanna réigiúnacha agus saincheisteanna de chuid na mBalleagraíochtaí in iúl don Choiste Gnó agus tabharfaidh siad tacaíocht do na Balleagraíochtaí lena gcuid saincheisteanna inmheánacha a bhaineann le, ach gan a bheith teoranta dóibh, haighneas foirne, comhchaidreamh lena nInstitiúid Ardoideachais, agus rannpháirtíocht mac léinn.

5.8.4 Oibreoidh an LU/TLI leis na Coláistí go léir i Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair lena gcuid Aontas a fhorbairt, ag díriú ar Aontais a cuireadh ar fionraí nó, i gcás nach bhfuil Aontas ag feidhmiú ag an gColáiste, chun cuidiú le mic léinn an Choláiste sin ceann a chur ar bun.

5.8.5 Beidh an LU/TLI freagrach as feachtais an Aontais a chur i bhfeidhm laistigh dá réigiún agus cuideoidh siad le Balleagraíochtaí, nuair a iarrtar orthu, le linn na tréimhse roimh fheachtais, imeachtaí, tionscadail agus tionscnaimh, nó lena linn, ach é sin a bheith réasúnta agus nuair a bheidh siad ar fáil.

5.8.6 Beidh an LU/TLI ina gcathaoirleach ar Ghrúpa Oibre Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.

5.8.7 Eagróidh an LU/TLI imeacht dlúthchaidrimh le linn na bliana.

## 5.9 An Leas-Uachtarán do Réigiún an Deiscirt:

5.9.1 Beidh an Leas-Uachtarán do Réigiún an Deiscirt, (dá ngairtear an LU/Deisceart) freagrach as forbairt agus idirchaidreamh an Aontais ina réigiún. Beidh siad freagrach chomh maith as treorú foriomlán na hoibre ina réigiún i bpáirtíocht leis an gCoiste Gnó agus ag tuairisciú di.

5.9.2. Cuirfidh an LU/Deisceart teachtaireacht an Aontais in iúl do ghnáthbhaill, Balleagraíochtaí, eagraíochtaí seachtracha agus don phobal i gcoitinne trí mheáin éagsúla lena n-áirítear, ach ní go heisiach, na meáin shóisialta, na meáin thraidisiúnta, cruinnithe, imeachtaí comhdhála, feachtais agus imeachtaí oiliúna.

5.9.3 Cuirfidh an LU/Deisceart saincheisteanna réigiúnacha agus saincheisteanna de chuid na mBalleagraíochtaí in iúl don Choiste Gnó agus tabharfaidh siad tacaíocht do na Balleagraíochtaí lena gcuid saincheisteanna inmheánacha a bhaineann le, ach gan a bheith teoranta dóibh, haighneas foirne, comhchaidreamh lena nInstitiúid Ardoideachais, agus rannpháirtíocht mac léinn.

5.9.4 Oibreoidh an LU/Deisceart leis na Coláistí go léir i Réigiún an Deiscirt lena gcuid Aontas a fhorbairt, ag díriú ar Aontais a cuireadh ar fionraí nó, i gcás nach bhfuil Aontas ag feidhmiú ag an gColáiste, chun cuidiú le mic léinn an Choláiste sin ceann a chur ar bun.

5.9.5 Beidh an LU/Deisceart freagrach as feachtais an Aontais a chur i bhfeidhm laistigh dá réigiún agus cuideoidh siad le Balleagraíochtaí, nuair a iarrtar orthu, le linn na tréimhse roimh fheachtais, imeachtaí, tionscadail agus tionscnaimh, nó lena linn, ach é sin a bheith réasúnta agus nuair a bheidh siad ar fáil.

5.9.6 Beidh an LU/Deisceart ina gcathaoirleach ar Ghrúpa Oibre Réigiún an Deiscirt.

5.9.7 Eagróidh an LU/Deisceart imeacht dlúthchaidrimh le linn na bliana.

## 5.10 An Leas-Uachtarán do Réigiún Bhaile Átha Cliath:

5.10.1 Beidh an Leas-Uachtarán do Réigiún Bhaile Átha Cliath, (dá ngairtear an LU/BÁC) freagrach as forbairt agus idirchaidreamh an Aontais ina réigiún. Beidh siad freagrach chomh maith as treorú foriomlán na hoibre ina réigiún i bpáirtíocht leis an gCoiste Gnó agus ag tuairisciú di.

5.10.2 Cuirfidh an LU/BÁC teachtaireacht an Aontais in iúl do ghnáthbhaill, Balleagraíochtaí, eagraíochtaí seachtracha agus don phobal i gcoitinne trí mheáin éagsúla lena n-áirítear, ach ní go heisiach, na meáin shóisialta, na meáin thraidisiúnta, cruinnithe, imeachtaí comhdhála, an t-eolas is deireanaí a thabhairt do Chomhairlí, feachtais agus imeachtaí oiliúna. Agus cuairteanna á dtabhairt ar champais, tabharfaidh an LU/BÁC fógra aon seachtaine amháin ar a laghad, nuair is féidir, do Bhalleagraíochtaí. Ní mór don LU/BÁC teagmháil a dhéanamh le gach Balleagraíocht aon uair amháin, ar a laghad, idir Comhairlí Náisiúnta.

5.10.3 Cuirfidh an LU/BÁC saincheisteanna réigiúnacha agus saincheisteanna de chuid na mBalleagraíochtaí in iúl don Choiste Gnó agus tabharfaidh siad tacaíocht do na Balleagraíochtaí lena gcuid saincheisteanna inmheánacha a bhaineann le, ach gan a bheith teoranta dóibh, haighneas foirne, comhchaidreamh lena nInstitiúid Ardoideachais, agus rannpháirtíocht mac léinn.

5.10.4 Oibreoidh an LU/BÁC leis na Coláistí go léir i Réigiún Bhaile Átha Cliath lena gcuid Aontas a fhorbairt, ag díriú ar Aontais a cuireadh ar fionraí nó, i gcás nach bhfuil

Aontas ag feidhmiú ag an gColáiste, chun cuidiú le mic léinn an Choláiste sin ceann a chur ar bun.

5.10.5 Beidh an LU/BÁC freagrach as feachtais an Aontais a chur i bhfeidhm laistigh dá réigiún.

5.10.6 Beidh an LU/BÁC ina gcathaoirleach ar Ghrúpa Oibre Réigiún Bhaile Átha Cliath.

5.10.7 Eagróidh an LU/BÁC imeacht dlúthchaidrimh le linn na bliana.

## 5.11 An Leas Uachtarán don Ghaeilge:

5.11.1 Beidh an Leas Uachtarán don Ghaeilge (dá ngairtear an LU/Gaeilge anseo ina dhiaidh seo) freagrach as beartais an Aontais i leith na Gaeilge a chomhlíonadh. Gníomhóidh siad mar abhcóide ar son bheartais Ghaeilge an Aontais ar leibhéal náisiúnta, spreagfaidh siad úsáid na Gaeilge laistigh den Aontas, agus déanfaidh siad ionadaíocht do bhaill an Aontais ar chomhlachtaí seachtracha éagsúla, arna gcomhaontú ag an gComhairle Náisiúnta.

5.11.2 Beidh an LU/Gaeilge freagrach chomh maith as tacaíocht a thabhairt do Bhalleagraíochtaí chun beartas Gaeilge a fhorbairt laistigh dá n-institiúidí féin agus cuirfidh siad an taighde sin agus forbróidh siad na struchtúir thacaíochta sin a cheanglaítear leis an tasc seo.

5.11.3 Beidh an LU/Gaeilge ina gCathaoirleach ar an gCoiste Gaeilge déanfaidh siad maoirseacht ar a chuid oibre. Is é feidhm an Choiste seo ná tacaíocht a thabhairt don LU/Gaeilge chun feachtais agus beartais Ghaeilge an Aontais a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a phleanáil.

## 5.12 An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Iarchéime:

5.12.1 Beidh an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Iarchéime, (dá ngairtear an LU/Iarchéime) freagrach, i gcáil pháirtaimseartha ar Choiste Gnó an Aontais, as obair an Aontais ar bheartais agus ar rannpháirtíocht le mic léinn iarchéime.

5.12.2 Cuideoidh an LU/Iarchéime leis an LU/Feachtais le feachtais a bhaineann le saincheisteanna iarchéime.

5.12.3 Beidh an LU/Iarchéime ina gCathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Iarchéime

## 5.13 Uachtarán NUS-AMLÉ:

5.13.1 Beidh Uachtarán NUS/AMLÉ ina mball den Choiste Gnó agus beidh na cearta, na dualgais agus na freagrachtaí acu arna sainiú i Sceideal F.

## 5.14 Coinníollacha

5.14.1 Ní fhéadfaidh aon bhall den Choiste Gnó fónamh ar an gCoiste Gnó ar feadh iomlán carnach de níos mó ná trí bliana. Íocfar stipinn arna cinneadh ag an gCoiste Rialachais le baill den Choiste Gnó. Cuirfear tús lena dtéarma ar an 1 Iúil den bhliain inar toghadh iad agus cuirfear críoch leis ar an 30 Meitheamh den bhliain dár gcionn.

5.14.2 Ceanglófar ar iarrthóir ar an gCoiste Gnó, tar éis dóibh glacadh le hainmniúchán, aontú a bheith faoi cheangal ag na téarmaí agus coinníollacha Oifige arna leagan amach ag an gCoiste Rialachais agus, ar dhul i mbun oifige dóibh, síneoidh siad conradh a chomhfhreagraíonn do na téarmaí agus coinníollacha a tugadh i bhfógra don iarrthóir sin agus lenar aontaigh siad roimhe sin.

5.14.3 Beidh tuarastal na mball den Choiste Gnó (seachas an LU/Iarchéime) ag teacht le grád i Státseirbhís na hÉireann, arna chinneadh ag an gCoiste Rialachais. Beidh tuarastal tosaigh gach oifigigh (seachas an LU/Iarchéime) ag teacht leis an leibhéal céanna ach amháin don Uachtarán, a bheidh aon ghrád amháin níos airde.

## 5.15 Táinseamh agus Araíonacht

5.15.1 Ionad oibre comhdheiseanna is ea an tAontas, atá tiomanta d'ionad oibre sábháilte a chur ar fáil agus cloífidh gach oifigeach le téarmaí agus coinníollacha a n-oifige agus beidh siad faoi réir smachtbhanna agus araíonachta suas go dtí dífhostú, agus dífhostú san áireamh.

5.15.2 Coinneoidh an tAontas lámhleabhar nósanna imeachta cothrom le dáta lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, nósanna imeachta casaoide, araíonachta, dífhostaithe agus bulaíochta agus ciaptha mar aon le cóid iompair lena bhfaomhadh ag an gComhairle Náisiúnta gach trí bliana ar a laghad agus áireofar é mar Sceideal I.

5.15.3 Ceadófar dífhostú oifigigh ag olltromlach den Chomhairle Náisiúnta nó den Chomhdháil.

## 5.16 Folúntas

5.16.1 Má bhíonn folúntas ann, ach amháin i gcás an Uachtaráin, mar gheall ar bhás, éirí as oifig, ardú céime d'Oifigeach go dtí an Uachtaránacht, dífhostú nó táinseamh baill den Choiste Gnó, nó mar gheall ar éagumas fadtéarma eile, ansin beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

5.16.1.1 Má bhíonn an folúntas ann agus sé mhí nó níos mó de théarma an Oifigigh neamhchaite, ansin beidh fothoghchán ag an gcéad Chomhairle Náisiúnta eile i gcás inar réasúnach toghchán den chineál sin a reáchtáil i bhfianaise an ama a theastaíonn chun glacadh le hainmniúcháin.

5.16.1.2 Má bhíonn folúntas ann agus níos lú ná sé mhí de théarma an Oifigigh neamhchaite, ansin ainmneoidh an tUachtarán ball eile den Choiste Gnó, nó in imthosca eisceachtúla, le toiliú na Comhairle Náisiúnta, ceapfaidh siad ball den Chomhairle Náisiúnta chun freagrachtaí an Oifigigh sin a ghlacadh. I gcás ina gceaptar ball den Chomhairle Náisiúnta, ní bheidh vóta acu ar an gCoiste Gnó.

5.16.2. Má bhíonn folúntas ann i gcás an Uachtaráin, beidh toghchán ag cruinniú den Chomhairle Náisiúnta a thionólfar tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis don fholúntas teacht chun cinn. Gníomhóidh an tUachtarán Ionaid mar Uachtarán go dtí cibé tráth a dtoghfar Uachtarán nua.

5.16.3 I gcás ina mbeadh níos lú ná cúigear ball ar an gCoiste Gnó mar thoradh ar Airteagal 6.16.1.2 a bheith curtha i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag an Airteagal sin.

# Airteagal 6: Coiste Stiúrtha, Fochoiste Toghchán, agus an Coimisiún Toghcháin

## 6.1 An Coiste Stiúrtha

6.1.1 Reáchtálfar toghcháin chun an Choiste Stiúrtha gach dhá bhliain agus is iad an tUachtarán a eagróidh iad agus a dhéanfaidh maoirseacht orthu. Ní mór do gach iarrthóir a bheith molta ag Balleagraíocht nó ag an Uachtarán.

6.1.2 Daoine is ea na baill den Choiste Stiúrtha nach mbeidh ina mbaill reatha den Aontas, ach a d'fhreastail ar Chomhdháil agus a bhí ina mbaill den Aontas roimhe sin.

6.1.3 Beidh deichniúr ball tofa ar an gCoiste Stiúrtha in éineacht le Cathaoirleach agus Cathaoirleach Ionaid na Comhairle Náisiúnta de bhun Alt 4.2.9. Féadfar folúntais a líonadh trí chomhthoghadh agus rachaidh téarma na mball comhthofa in éag ag an gcéad toghchán eile den Choiste Stiúrtha. Tá baill incháilithe lena n-atoghadh.

6.1.4 Is é is córam do Choiste Stiúrtha ná leath den líon iomlán ball den choiste móide a haon.

6.1.5 Is dá líon féin a thoghfaidh an Coiste Stiúrtha Cathaoirleach agus Cathaoirleach Ionaid ar an gCoiste Stiúrtha.

6.1.6 Féadfaidh siad fochoistí eile a bhunú agus obair riachtanach a roinnt de réir mar is cuí leo i measc a gcuid ball féin. Beidh feidhm ag an gcóram atá mar choinníoll ag Airteagal 6.1.4 maidir le haon fhochoiste den chineál sin.
Mura ndífhostaítear iad, fanfaidh siad in oifig go dtí go dtoghfar a gcomharbaí.

6.1.7 Riarfaidh an Coiste Stiúrtha gnó na Comhdhála de réir fhorálacha na Sceideal ábhartha agus stiúradh na Comhairle Náisiúnta.

6.1.8 Déanfaidh an Coiste Stiúrtha cathaoirleacht ar sheisiúin den Chomhdháil agus beidh sé freagrach as an gComhdháil a reáchtáil mar a leagtar amach sa Bhunreacht agus sna Sceidil.

## 6.2 An Fochoiste Toghchán

6.2.1 Beidh Fochoiste Toghchán ag an gCoiste Stiúrtha a dtoghfaidh an Coiste Stiúrtha ar fad ceathrar ball den Choiste Stiúrtha chuige.

6.2.2 Is é is córam don Fhochoiste Toghchán ná leath den líon iomlán ball den fhochoiste sin móide a haon.

6.2.3 Is dá líon féin a thoghfaidh an Fochoiste Toghchán Cathaoirleach agus Cathaoirleach Ionaid. Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhFochoiste Toghchán freisin. Is iad Cathaoirleach agus Cathaoirleach Ionaid an Choiste Toghchán Ceann Comhairimh agus Leascheann Comhairimh, faoi seach, an Aontais.

6.2.4 Beidh an Fochoiste Toghchán freagrach as gach toghchán de chuid an Aontais a reáchtáil, lena n-áirítear inter alia spriocdhátaí a shocrú chun ainmniúcháin a chur isteach, ainmniúcháin a ghlacadh, bailíocht na n-ainmniúchán agus na n-iarrthóirí a chinneadh, toghchánaíocht a eagrú ag Comhdháil nó Comhairle Náisiúnta, vótaíocht a eagrú, vótaí a chomhaireamh agus torthaí a fhógairt i gcomhréir le téarmaí an Bhunreachta seo.

6.2.5 Glacfaidh an Fochoiste Toghchán na gearáin ar fad a bhaineann le reáchtáil thoghcháin an Aontais agus déanfaidh sé imscrúdú agus breithniú orthu; eagróidh sé toghcháin Chomhdhála agus déanfaidh sé cathaoirleacht orthu, tabharfaidh tuairiscí rialta don Chomhdháil agus don Chomhairle Náisiúnta maidir le toghcháin an Aontais, agus gníomhóidh sé mar Choiste chun dintiúir toscairí chun na Comhdhála a sheiceáil.

6.2.6 D'fhonn amhras a sheachaint, ní thiocfaidh ábhair a bhaineann le téarmaí tagartha an Choimisiúin Toghcháin faoi raon feidhme an Fhochoiste Toghchán.

# Airteagal 7: Coistí agus Painéil Chomhairleacha

## 7.1 Coistí

7.1.1 Beidh trí choiste dhéag bhunaithe ann ar a mbeidh ionadaithe ó Bhalleagraíochtaí, baill den Choiste Gnó agus baill de chuid Phainéil Chomhairleacha na nOifigeach a dtabharfaidh Cathaoirleach an Choiste cuireadh dóibh.

Is iad na trí Choiste dhéag ná:

7.1.2.1 Coiste an Uachtaráin

7.1.2.2 An Coiste um Ghnóthaí Acadúla agus Dearbhú Cáilíochta

7.1.2.3 An Coiste Leasa

7.1.2.4 An Coiste um Fheachtais

7.1.2.5 An Coiste um Chomhionannas agus Saoránacht

7.1.2.6 An Coiste um Shiamsaíocht, Margaíocht agus Tráchtáil

7.1.2.7 Coiste Réigiún an Deiscirt

7.1.2.8 Coiste Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair

7.1.2.9 Coiste Réigiún Bhaile Átha Cliath

7.1.2.10 An Coiste Gaeilge

7.1.2.11 An Coiste um Fhorbairt an Aontais

7.1.2.12 An Coiste um Ghnóthaí Iarchéime

7.1.2.13 An Coiste um Straitéis Feachtas

7.1.3 Déanfaidh an tOifigeach comhfhreagrach ar an gCoiste Gnó cathaoirleacht ar na Coistí ach amháin an Coiste um Shiamsaíocht, Margaíocht agus Tráchtáil, dá n-ainmneoidh an tUachtarán ball den Choiste Gnó chun cathaoirleacht a dhéanamh air. Comhaontóidh gach Coiste Buanorduithe do na cruinnithe coiste tráth nach déanaí ná an dara Comhairle Náisiúnta den bhliain. Beidh an Cathaoirleach freagrach as clár oibre a chur le chéile le haghaidh gach cruinnithe.

7.1.4 Beidh Coiste an Uachtaráin, an Coiste um Ghnóthaí Acadúla agus Dearbhú Cáilíochta, an Coiste Leasa, an Coiste um Chomhionannas

agus Saoránacht, an Coiste Gaeilge, Coistí na Réigiún, agus an Coiste um Fhorbairt an Aontais, ina bhfóraim chun eolas agus comhairle a thabhairt do bhaill ábhartha den Choiste Gnó, chun beartais a cheapadh, a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm agus chun saineolas agus taithí a roinnt.

7.1.5 Beidh an Coiste um Shiamsaíocht, Margaíocht agus Tráchtáil ina fhóram dá chuid ball chun saineolas agus smaointe a roinnt maidir le, ach gan a bheith teoranta dóibh, himeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú, a chur chun cinn agus a reáchtáil. Beidh an coiste ina fhóram chomh maith chun saineolas agus smaointe a roinnt maidir le gníomhaíocht tráchtála, cumarsáid agus margaíocht d'Aontais Mac Léinn ina n-iomláine. Féadfaidh baill foirne AMLÉ nó na mBalleagraíochtaí, nó aon aoi a fhaigheann cuireadh, freastal air.

7.1.6 Beidh Coiste Forbartha an Aontais ina fhóram dá chuid ball chun forbairt an Aontais agus forbairt Balleagraíochtaí a phlé, agus chun smaointe a roinnt maidir le spriocanna an Aontais a bhaint amach.

7.1.7 Beidh an Leas-Uachtarán um Fheachtais ina gcathaoirleach ar an gCoiste um Straitéis Feachtas. Is é feidhm an choiste ná ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil i dtaca le forbairt, cur i bhfeidhm agus inbhuanaitheacht feachtas a mhaireann ar feadh bliana. Vótálfar ar na feachtais a ndéanfaidh an coiste obair orthu ag an gcéad Chomhairle Náisiúnta gach bliain. Dréachtóidh an Leas-Uachtarán um Fheachtais na straitéisí arna gcruthú ag an gcoiste, agus ba cheart iad seo a chur i láthair na Comhairle Náisiúnta le go vótálfar orthu. Ba cheart go mbeadh cruinnithe an choiste ann gach ráithe, ach chomh minic agus is gá, arna gcinneadh ag an gcathaoirleach. Ba cheart na dátaí seo a leagan amach i bhféilire imeachtaí AMLÉ ag tús na bliana.

## 7.2 Painéil Chomhairleacha

7.2.1 Tráth nach déanaí ná an dara Comhairle Náisiúnta gach bliain, cuirfidh an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtarán Leasa, an Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht, an Leas-Uachtarán Gaeilge, an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Iarchéime agus an Leas-Uachtarán atá freagrach as an gcoiste um Shiamsaíocht, Margaíocht agus Tráchtáil, cuirfidh siad ar fad liosta ainmniúchán i láthair na Comhairle Náisiúnta lena dhaingniú, ar liosta é de dhaoine a mheasann siad a bheith oiriúnach chun comhairle a chur orthu maidir le réimsí ar leith dá gcuid cúraimí. Beidh na hainmniúcháin seo, i ndiaidh a ndaingniú, mar Phainéal Comhairleach a fhéadfaidh an ball den Choiste Gnó a thionól, ina iomláine nó i bpáirt, chun cuidiú leo ina gcuid oibre le linn a dtéarma oifige.

7.2.2 Beidh baill ar an bPainéal Comhairleach do gach oifigeach do gach réimse arna sainiú i Sceideal H. Féadfar baill de Phainéil Chomhairleacha na nOifigeach a bhriseadh as a gcuid cúraimí trí vóta tromlaigh shimplí den Chomhairle Náisiúnta ar choinníoll gur tugadh an ceart dóibh labhairt ar a son féin agus/nó uiríll phearsanta a dhéanamh roimh an vótáil.

7.2.3 Tráth nach déanaí ná an dara Comhairle Náisiúnta gach bliain, cuirfidh an tUachtarán liosta ainmniúchán de dhaoine a mheasann siad a bheith oiriúnach chun comhairle a chur orthu maidir lena ról i láthair na Comhairle Náisiúnta lena dhaingniú. Beidh na hainmniúcháin seo, i ndiaidh a ndaingniú, mar Phainéal Comhairleach a fhéadfaidh an tUachtarán a thionól, ina iomláine nó i bpáirt, chun cuidiú leo ina gcuid oibre le linn a dtéarma oifige. Féadfar tuilleadh ainmniúchán a dhéanamh agus a dhaingniú ag Comhairlí Náisiúnta ina dhiaidh sin. Féadfaidh an tUachtarán, ag aon chéim, ball dá bPainéal Comhairleach a chur as an bpainéal de réir mar is cuí leo, ach cuirfidh sé a gcinneadh in iúl don Chomhairle Náisiúnta.

7.2.4 Ní bhfaighidh baill na bPainéal Comhairleach aon íocaíocht, ach féadfaidh siad costais a tharraingt, mar a leagtar amach ag an gCoiste Airgeadais, i gcás inar tabhaíodh na costais sin i ndiaidh iarratas ar chuidiú ón gCoiste Gnó atá i gceannas ar an bpainéal sin.

7.3

Tabharfaidh na grúpaí comhairleacha mac léinn seo um Chomhionannas tacaíocht d'obair an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Saoránacht. Mic léinn ó Bhalleagraíochtaí AMLÉ a bheidh sna grúpaí comhairleacha mac léinn seo, gan grúpa comhairleach mac léinn AHEAD/Mic Léinn faoi Mhíchumas AMLÉ a áireamh. Roghnófar mic léinn laistigh de na grúpaí comhairleacha seo ar bhonn bliantúil agus déanfaidh siad fónamh ar théarma bliana gan a dtéarma ar an ngrúpa comhairleach a bheith níos faide ná dhá bhliain. Beidh an Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht ina gcathaoirleach ar na grúpaí comhairleacha mac léinn seo a leanas:

7.3.1 An grúpa comhairleach don lucht siúil

7.3.2. An grúpa comhairleach do dhaoine trasinscneacha

7.3.3 An grúpa comhairleach LADTA+

7.3.4. An grúpa comhairleach do mhic léinn lánfhásta

7.3.5. An grúpa comhairleach do Thuismitheoirí agus Cúramóirí

7.3.6. An grúpa comhairleach do dhaoine dubha

Beidh an Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Saoránacht ina gcomhchathaoirleach ar an ngrúpa comhairleach mac léinn seo a leanas:

7.3.7. Grúpa comhairleach mac léinn AHEAD/Mic Léinn faoi Mhíchumas AMLÉ

## Airteagal 8: Eagraíochtaí Seachtracha

8.1 Beidh AMLÉ ina bhall d'Aontas na Mac Léinn san Eoraip (nó European Students' Union (ESU)).

8.2 Éileofar faomhadh 2/3 de bhaill na Comhairle Náisiúnta le go mbeidh AMLÉ ina bhall d'eagraíocht, de ghrúpa nó d'fheachtas seachtrach seachas iad sin a liostaítear in 8.1 thuas. Ní mór fógra 7 lá ar a laghad a thabhairt maidir le haon tairiscint den chineál sin do bhaill na Comhairle Náisiúnta.

8.3 Féadfaidh an tAontas caidreamh foirmiúil oibre a bhunú le heagraíochtaí seachtracha. Éileofar faomhadh 2/3 de bhaill na Comhairle Náisiúnta chun caidreamh den chineál sin a bhunú. Ní mór fógra 7 lá ar a laghad a thabhairt maidir le haon tairiscint den chineál sin do bhaill na Comhairle Náisiúnta. Tagrófar d'aon eagraíochtaí den chineál sin mar Eagraíochtaí Comhlacha an Aontais. Tabharfaidh an tUachtarán cuireadh d'Eagraíochtaí Comhlacha freastal ar Chomhdháil mar bhreathnóirí.

# Airteagal 9: Airgeadas an Aontais

## 9.1 Freagrachtaí Airgeadais

9.1.1 Mar choiste feidhmiúcháin an Aontais, beidh an Chomhairle Náisiúnta freagrach, sa deireadh, as cúrsaí airgid an Aontais.

9.1.2 Beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Náisiúnta airgead a fháil ar iasacht nó a chruinniú nó íocaíocht airgid a dheimhniú chun críocha an Aontais agus d'fhonn a mbaineann leis sin, plé agus moltaí a dhéanamh maidir leis na hiasachtaí, an cruinniú airgid nó an deimhniú íocaíochtaí sin. Chun na críocha sin, beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Náisiúnta údarás a thabhairt don Choiste Rialachais agus don Uachtarán gníomhú thar a ceann, na comhaontuithe riachtanacha a dhéanamh agus ráthaíochtaí a shíniú.

9.1.3 Agus iad ag gníomhú thar ceann na Comhairle Náisiúnta, beidh an tUachtarán slánaithe ar rioscaí agus costais as sócmhainní an Aontais.

## 9.2 Corprú

9.2.1 Féadfaidh an tAontas an cineál cuideachta teoranta sin nó na cineálacha cuideachtaí teoranta sin a bhunú de réir mar a chinnfear í/iad a bheith caoithiúil ó am go chéile chun cúrsaí airgeadais an Aontais a riar.

9.2.2 Is iad a bheidh ar Bhord Stiúrthóirí aon chuideachta nó cuideachtaí den chineál sin ná baill an Choiste Rialachais, in éineacht le daoine eile den chineál sin, más ann dóibh, mar a fhéadfaidh an Coiste Rialachais a ainmniú ó am go chéile le haghaidh ceapacháin arna bhfaomhadh ag an gComhairle Náisiúnta agus is é an

Bord Stiúrthóirí ábhartha a ghabhfaidh de láimh ceapachán den chineál sin a chur i bhfeidhm.

9.2.3 Beidh sé d'oibleagáid ar bhall atá ag éirí as an gCoiste Rialachais éirí as a bpost/bpoist ar Bho(i)rd Stiúrthóirí aon chuideachta nó cuideachtaí den chineál sin tar éis dóibh scor de bheith ina mball den Choiste Rialachais.

9.2.4 Ceanglófar aon airteagail agus meabhrán comhlachais leis an mbunreacht seo mar sceideal.

9.2.5 Beidh sé mar aidhm ag AMLÉ stádas carthanachta a iarraidh.

## Airteagal 10: Forálacha Ilghnéitheacha

### 10.1 Gaol idir an Bunreacht agus na Sceidil

10.1.1 Is i Sceidil an Bhunreachta seo atá na forálacha mionsonraithe a theastaíonn chun na hairteagail éagsúla den Bhunreacht seo a achtú. Is éard atá sa bhunreacht seo ná na hAirteagail seo agus a Sceidil ar fad. I gcás ina dtarlaíonn coimhlint idir aon rud atá i sceidil an Bhunreachta seo agus na hAirteagail, ansin i gcás den chineál sin, beidh tosaíocht ag na hAirteagail.

### 10.2 Leasuithe ar an mBunreacht seo

10.2.1 Féadfar leasuithe a mholadh ar an mBunreacht seo ag an gComhdháil Bhliantúil nó ag Comhdháil Speisialta. Tabharfaidh an tUachtarán fógra nach lú ná 28 lá do gach Balleagraíocht ina luafar am, dáta agus láthair Comhdhála Speisialta den chineál sin agus áireofar leis an bhfógra seo na leasuithe arna moladh don bhunreacht. Ní mór go bhfaomhfar leasuithe bunreachta trí vóta tromlaigh dhá thrian ar choinníoll go mbeidh an líon daoine arna vótáil ina bhfabhar níos mó ná leath den líon iomlán daoine cláraithe don Chomhdháil. Beidh éifeacht ag na leasuithe seo 28 lá tar éis an vóta mura n-ordaítear tréimhse níos lú sa tairiscint a thairgeann an leasú.

### 10.3 Leasuithe ar na Sceidil

10.3.1 Féadfar leasuithe ar na Sceidil a thairiscint ag Comhairle Náisiúnta agus ag Comhdháil, ar choinníoll go dtabharfar fógra aon mhíosa amháin, ach ní mór go bhfaomhfar iad ag tromlach dhá thrian díobh siúd atá i láthair agus ag vótáil. Beidh éifeacht acu aon mhí amháin i ndiaidh a ndaingnithe mura gcinneann an Chomhairle Náisiúnta nó an Chomhdháil a mhalairt.

## 10.4 Leasuithe ar an gClár

I ndiaidh gach Comhdhála, féadfaidh an Coiste Stiúrtha na hathruithe sin a dhéanamh ar an gClár de réir mar is cuí leo le go mbeidh sé ag teacht leis na hathruithe ar an mBunreacht seo agus ar na Sceidil seo.

## 10.5 Léiriú ar an mBunreacht

10.5.1 Dílseofar an ceart agus an dualgas an Bunreacht a léiriú do Chathaoirleach na Comhairle Náisiúnta; nó má bhíonn siad as láthair nó mura féidir teagmháil a dhéanamh leo, do Chathaoirleach Ionaid na Comhairle Náisiúnta; nó má bhíonn an bheirt acu as láthair nó mura féidir teagmháil a dhéanamh leo, do Chathaoirleach an Choiste Stiúrtha.

## 10.6 An Ghaeilge

10.6.1 Coinneofar Bunreacht an Aontais i nGaeilge agus i mBéarla araon agus féadtar tagairt dó i gceachtar den dá theanga sin. I gcás coimhlint bhrí nó léirithe idir an leagan Béarla agus an t-aistriúchán Gaeilge, is é an leagan Béarla an leagan deifnídeach.

10.6.2 Tá beartas dátheangachais ag an Aontas maidir leis an nGaeilge agus leis an mBéarla. Ba cheart d'AMLÉ comhstádas a thabhairt don dá theanga i ngach oibríocht de chuid an Aontais i gcás inar praiticiúil é sin a dhéanamh.

10.6.3 Glacfaidh an tAontas an cleachtadh maidir le comhlachtaí inmheánacha a ainmniú ar aon dul le Sceideal N

## 10.7 Cúlghairm

10.7.1 Cúlghairtear leis seo gach Bunreacht roimhe seo. Ní neamhbhailítear ballraíocht, toghcháin, ceapacháin agus beartais ar glacadh leo faoi Bhunreachtanna roimhe seo, áfach, ná ní fhágtar go bhfuil siad do-oibrithe mar thoradh ar an gcúlghairm seo.

# 10.8 Comhaontú NUS-AMLÉ

10.8.1 Tugann AMLÉ aitheantas leis seo don chaidreamh uathúil measúil idir AMLÉ, NUS UK agus NUS-AMLÉ.

10.8.2 Riarann AMLÉ agus an National Union of Students (NUS-UK) gluaiseacht na mac léinn i dTuaisceart Éireann i gcomhar le chéile. Rialófar an comhaontú uathúil seo de réir fhorálacha an Chomhaontaithe Thríthaobhaigh a leagtar amach i Sceideal F, a ghabhann leis seo.

10.8.3 I gcás ina mbeidh coimhlint idir Airteagail an Bhunreachta seo agus an Comhaontú Tríthaobhach, mar a leagtar amach i Sceideal F, beidh Sceideal F i réim maidir le Balleagraíochtaí arna sainiú i Sceideal G.

10.8.4 Chun críocha an bhunreachta seo agus a chuid sceideal, is ionann an téarma Comheagraíocht agus an téarma Balleagraíocht ar gach slí.

## 10.9 Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú iomlán ar Bhunreacht an Aontais gach cúig bliana, le héifeacht ón dáta a rith an Chomhdháil an Bunreacht seo.

## 10.10 Slánaíocht

Slánóidh an tAontas na hIontaobhaithe, baill na Comhairle Náisiúnta agus baill den Choiste Gnó ar gach dliteanas a thabhaíonn siad go cuí agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu.